



An tÚdarás Pinsean
The Pensions Authority

RÁITEAS STRAITÉISE
2016 - 2020

RÉAMHRÁ

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise an Údaráis Pinsean 2016 - 2020 ár bhfís, ár mbunchuspóir, ár dtreoirphrionsabail agus na cuspóirí straitéiseacha agus na straitéisí ardleibhéil a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag ár gclár oibre as seo go ceann 5 bliana. Déanfaimid athbhreithniú ar an straitéis leathbhealach tríthi lena fháil amach an bhfuil an ráiteas reatha straitéise oiriúnach chun gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú nó an bhfuil a leithéid d'athrú tagtha ar an gcomhthéacs timpeallachta agus oibríochtúil go bhfuil straitéis nua nó leasaithe ag teastáil.

Tá an ráiteas straitéise roinnte ina thrí phríomhchuid mar aon le hagusín.

Cuid 1 - Fís, bunchuspóir agus treoirphrionsabail an Údaráis Pinsean

Is í an uailmhian fhadtéarmach atá againn maidir le pinsin ár bhfís. Léiríonn ár mbunchuspóir ár bpríomhchuspóir arb é sin rialáil a dhéanamh agus a chinntiú go gcomhlíontar Acht na bPinsean, ach tá ról thábhachtacha eile ag baint leis freisin: treoir agus tacaíocht a thabhairt maidir leis an gcaoi a bheith comhlíontach; faisnéis intuigthe agus ábhartha a thabhairt don phobal, lena n-áirítear freagraí a thabhairt ar cheisteanna agus tacaíocht theicniúil agus comhairle a sholáthar don Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le pinsin agus taighde ar bheartas pinsin.

Cuid 2 - An comhthéacs oibríocháin

Rinneadh anailís shuntasach ar an timpeallacht sheachtrach agus rialála ina bhfeidhmíonn an tÚdarás Pinsean agus ar na hathruithe ionchasacha le linn théarma na straitéise seo agus cuir siad sin bonn eolais faoina hullmhú. Cuireadh tosca inmheánacha (scileanna eagrúcháin, cineálacha éagsúla cumais, cumarsáid agus cultúr inmheánach) san áireamh chomh maith agus an straitéis seo á cur i dtoll a chéile agus maidir le sainithint cuspóirí straitéiseacha réadúla a chreidimid is féidir a bhaint amach.

Cuid 3 - Cuspóirí straitéiseacha agus cumasóirí

Leagtar amach sa chuid seo an breisluach a chuirfimid ar fáil agus an tionchar a bheidh againn maidir le cur chun cinn agus baint amach ár bhfíse agus ár mbunchuspóir le linn théarma na straitéise seo. Chuireamar roinnt táscairí agus torthaí feidhmíochta ardleibhéil ar fáil ann a úsáidfear chun an dul chun cinn a aithint agus a thomhas i ngach réimse gníomhaíochta.

Leagtar amach ár dtosaíochtaí sa ráiteas straitéise agus na háiteanna a n-úsáidfimid ár n-acmhainní. Ailíneofar ár bpróiseas pleanála gnó bliantúil, na ráitis aschuir bhliantúla agus Príomhtháscairí Feidhmíochta leis an ráiteas straitéise.

Aguisín: Tosaíochtaí ó thaobh riosca de

Tá ordlathas an Údaráis ó thaobh riosca de leagtha amach san agusín.

CUID 1 - FÍS, BUNCHUSPÓIR AGUS TREOIRPHRIONSABAIL AN ÚDARÁIS PINSEAN

Ár bhfís

Córas pinsin ina bhfuil coigilteas pinsin slán, dea-bhainistithe agus intuigthe, agus ina spreagtar coigilteas pinsin.

Ár mbunchuspóir

Is é bunchuspóir an Údaráis Pinsean:

1. Muinín an phobail i bpinsin a chothú ach scéimeanna pinsin agus PRSanna a rialú go héifeachtach agus go héifeachtúil.
2. Tacaíocht a thabhairt d'iontaobhaithe scéimeanna pinsin agus don phobal ach treoir agus faisnéis a chur ar fáil.
3. Sainchomhairle a sholáthar don Aire Coimirce Sóisialaí chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt bheartais.

Ár dtreoirphrionsabail

- Leas an phobail
- Gairmiúlacht
- Macántacht
- Éifeachtacht
- Éifeachtúlacht

CUID 2 - AN COMHTHÉACS OIBRIÚCHÁIN

Is iad seo a leanas na príomhdhúshláin agus na deiseanna inár dtimpeallacht oibriúcháin:

An comhthéacs eacnamaíoch agus airgeadais

Tháinig feabhas mór ar chúrsaí airgeadais phoiblí ó d'ullmhaíomar ár ráiteas straitéise roimhe seo agus cé go bhfuil a lán daoine dífhostaithe fós tá a líon ag laghdú. Mar sin féin tá an-neamhchinnteacht ann maidir le forbairtí eacnamaíocha idirnáisiúnta, rud a chruthaíonn margaí luaineacha infheistíochta agus torthaí éiginnte dóibh siúd atá ar scor nó nach fada go rachaidh siad ar scor. Chomh maith leis sin tá rátaí úis íseal fós ann sa chaoi go bhfuil sé níos deacra do choigilteoirí ioncam scoir a fháil agus cruthaíonn siad dúshláin faoi leith i gcás scéimeanna le sochar sainithe mura ndearnadh a ndliteanais i leith pinsinéirí a mheaitseáil le bannaí.

Brúnna déimeagrafacha agus fad saoil

De réir mar a rachaidh an daonra in aois cuirfear brú níos mó ar an gcóras pinsean sna blianta atá amach romhainn. Meastar go háirithe go dtiocfaidh méadú ar chaiteachas ar phinsin phoiblí agus más mian le hoibrithre a gcaighdeáin mhaireachtála a choinneáil nuair a bheidh siad ar scor, beidh orthu coigilteas pinsin forlíontach a dhéanamh. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag coigilteoirí pinsean go bhfuil na scéimeanna pinsin agus na PRSanna dá dtugann siad ranníocaíochtaí á rialú ar bhealach réamhghníomhach, sofheicthe.

An comhthéacs beartais

Ceap an Tánaiste agus an tAire Coimirce Sóisialaí grúpa oibre in 2015 faoi cheannaireacht na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS) chun tograí a ullmhú le haghaidh córas uilíoch um choigilteas scoir le cur faoi bhráid an Rialtais. Dá gcruthófaí a leithéid de chóras d'fhéadfadh sé an t-athrú ba shuntasáí ar sholáthar pinsin in Éirinn le blianta a bhaint amach.

Ag an am céanna, d'iarr an Tánaiste ar an Údarás Pinsean moltaí a dhéanamh chun athchóiriú agus simpliú a dhéanamh ar chúrsaí pinsin i gcoitinne trí na rialacha pinsin a dhéanamh níos éasca a thuiscint agus trí dheireadh a chur le dúbailtí agus aimhrialtacha sa chóras atá ann faoi láthair. Caitheadh scéimeanna luach maith a sholáthar go comhsheasmhach agus roghanna infheistíochta maithe a chur ar fáil, chomh maith le hardchaighdeáin cumarsáide a bheith acu lena mbaill. Ar na leasuithe sin beidh moltaí a fhorbairt don RCS maidir leis an gcaoi chun scéimeanna le ranníocaíocht shainithe a

athstruchtúru chun líon na scéimeanna a laghdú agus chun éifeachtúlacht agus luach do chomhaltaí a mhéadú agus moltaí maidir le PRSanna, go háirithe i réimsí a bhaineann le muirear agus faoiseamh cánach agus le hinaistritheacht isteach i PRSanna, chomh maith le tacaíocht theicniúil leanúnach a chur ar fáil don RCS de réir mar is gá.

Soláthar pinsin le sochar sainithe

Tá maoiniú le haghaidh soláthar pinsean le sochar sainithe geall a bheith ina leabhar dúnta agus níl aon scéimeanna maoinithe le sochar sainithe nua á mbunú. Is fiú thart ar €60 billiún dliteanais iomlán na scéimeanna le sochar sainithe agus dá bhrí sin tá sé an-tábhachtach go nglacfadh na hiontaobhaithe le dea-chleachtas maidir le bainistiú airgeadais agus go mbeadh próisis bunaithe acu chun rioscaí a aithint agus a mhaolú.

Comhlíonadh agus rialáil

Tá méadú ag teacht ar ionchas na ndaoine atá ag coigilt le dul ar scor maidir le feidhmíocht na ndaoine atá ag breathnú i ndiaidh a gcuid coigiltis agus as an Údarás Pinsean mar rialtóir. Dá bharr sin leanfaidh na hoibleagáidí comhlíonta ar aghaidh ag fás atá orthu siúd a bhfuil baint acu le pinsin. Lena chois sin b'fhéidir go gcruthófar dualgais bhreise mar thoradh ar fhorbairtí san AE.

Ós rud é go bhfuil an scéal ag éirí níos casta tá riachtanas ann agus táthar ag éileamh treoracha breise ar an gcaoi ar heart na hoibleagáidí rialaitheacha a chomhlíonadh agus a bhfuiltear ag súil uathu siúd atá ag tabhairt aire do choigilteas scoir daoine eile.

Sainchúram reachtúil

Is é ról an Údarás Pinsean comhlíonadh fhorálacha Acht na bPinsean a chur chun cinn agus tacú leis, mar aon le dul i ngleic go tapa le haon neamh-chomhlíonadh a aimsíonn siad. Níl sé freagrach, áfach, as scéimeanna pinsin ná PRSanna a reáchtáil; is ar na hiontaobhaithe, ar sholáthraithe na PRSanna agus ar fhóistoirí atá an fhreagracht as scéimeanna pinsin agus PRSanna a bhainistiú agus as cinntí a dhéanamh a bhaineann lena n-oibriú agus lena mbainistiú. Tá an tÚdarás Pinsean freagrach as a chinntiú i gcás na ndaoine sin a bhainistiú agus a chuireann seirbhísí ar fáil do scéimeanna pinsin agus do PRSanna go ngníomhaíonn siad de réir cheanglais Acht na bPinsean.

CUID 3 - CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA AGUS CUMASÓIRÍ

Cuspóirí straitéiseacha	Príomhthorthaí	Straitéisí ardleibhéal	Táscairí ardleibhéal
<p>1. Déanfaidh an tÚdarás Pinsean monatóireacht agus maoirseacht ar scéimeanna pinsin ceirde agus PRSanna lena chinntiú go leanfaidh iontaobhaithe, soláthraithe agus riarthóirí inniúla ar aghaidh á mbainistiú go maith.sholáthar, agus tabharfaimid tacaíocht don Roinn.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Scéimeanna le sochar sainithe dea-bhainistithe • Scéimeanna le ranníocaíocht shainithe dea-reáchtáilte • Oibríochtaí Comhlíontacha PRSA • Tabharfar aghaidh go héifeachtach ar cheisteanna neamhchomhlíonta déileálfar leo ar bhealach comhréireach, comhsheasmhach • Torthaí feabhsaithe do na baill 	<ul style="list-style-type: none"> • Beimid forghníomhach agus infheicthe inár n-iarrachtaí comhlíonadh a spreagadh agus tacú leis, agus déileáil le neamhchomhlíonadh. • Rialóimid de réir ár n-ordlathas tosaíochtaí riosca. • Úsáidfidimid anailís sonraí chun ár n-iarrachtaí rialála a dhíríú. • Úsáidfidimid an t-eolas atá againn ó shonraí maoirseachta agus rialála chun cásanna a aithint ina mbeadh eolas agus treoir an-úsáideach. 	<ul style="list-style-type: none"> • Líon na scéimeanna le sochar sainithe a chomhlíonann an caighdeán maidir le maoiniú • Monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí gníomhaíochta rialála réamhghníomhaí • Líon agus tromchúis na saincheisteanna a tugadh chun solais de bharr athbhreithnithe ar riar scéimeanna • Saincheisteanna tugtha chun solais mar thoradh ar chigireachtaí ar sholáthraithe nó táirgí PRSA agus mar thoradh ar iniúchtaí deisce ar thuarascálacha aachtúireacha
<p>2. Féadfaidh iontaobhaithe scéime, tionscal na bpinsean agus fostóirí brath ar an Údarás Pinsean chun treoir agus tacaíocht a chur ar fáil faoina bhfuil an tÚdarás ag súil leis sholáthar, agus tabharfaimid tacaíocht don Roinn.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ba cheart go mbeadh tuiscint shoiléir ag iontaobhaithe agus soláthraithe PRSA agus ag páirtithe leasmhara ábhartha eile ar na hoibleagáidí atá orthu agus ar dhea-chleachtas 	<ul style="list-style-type: none"> • Cuirfidimid doiciméid shamplacha ar fáil do scéimeanna le sochar sainithe agus scéimeanna le ranníocaíocht shainithe, agus déanfaimid iad a chothabháil. • Cuirfidimid cóid iompraíochta agus teoracha deachleachtais ar fáil i réimsí ábhartha atá faoinár sainchúram, agus déanfaimid iad a chothabháil. • Tabharfaimid aghaidh ar ábhair inní agus ar cheisteanna atá faoinár sainchúram reachtúil agus a n-aithníonn páirtithe leasmhara iad. • Cuirfidimid seasamh an Údaráis Pinsean in iúl go soiléir i gcás saincheisteanna maidir le comhlíonadh agus rialachas de réir mar a thagann siad chun cinn. 	<ul style="list-style-type: none"> • Líon na n-alt agus na bhfoilseachán • Sraith doiciméad samplach agus teoracha cothrom le dáta a chlúdaíonn gach réimse ó thaobh freagrachtaí rialála de
<p>3. Tuigfidh an pobal, comhaltaí, rannpháirtithe agus tairbhíthe go maith gur foinse inrochtana, ábhartha agus praiticiúil eolais é an tÚdarás Pinsean.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh eolas maith fúinn acu siúd ar mhian leo faisnéis faoi phinsin a fháil • Tá an fhaisnéis atá againn ábhartha, iontaofa agus intuigthe 	<ul style="list-style-type: none"> • Leanfaimid ar aghaidh ag cur lenár bpróifíl. • Beidh faisnéis agus ábhair againn a bheidh ar ardchaighdeán agus inrochtana. • Beidh seirbhís ardchaighdeán fiosrúcháin againn. 	<ul style="list-style-type: none"> • Staitisticí faoi fhiosrúcháin • Aiseolas ó chustaiméirí • Suirbhé ar chustaiméirí gach dhá bhliain • Trácht ar an láithreán gréasáin
<p>4. Beidh an tÚdarás Pinsean ina fhoinse luachmhar ag an RCS maidir le comhairle theicniúil agus faisnéis faoi chúrsaí pinsin a sholáthar, agus tabharfaimid tacaíocht don Roinn.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Déantar beart de réir chomhairle an Údaráis Pinsean 	<ul style="list-style-type: none"> • Forbróimid treoirphlean cuimsitheach, mionsonraithe le haghaidh struchtúr pinsean, a bheidh bunaithe ar ár bhfís, agus cuirfidimid ar fáil don RCS é mar bhonn d'fhéadfaidís a úsáid mar eolas ina bpléití beartais. • Déanfaimid taighde agus anailís ar shonraí mar eolas agus le cabhrú le hobair an Ghrúpa um Choigilteas Uilíoch Scoir. 	<ul style="list-style-type: none"> • Sástacht na Roinne agus an Aire Coimirce Sóisialaí • Sástacht na Ranna ábhartha eile

Cuspóirí straitéiseacha	Príomhthorthaí	Straitéisí ardleibhéil	Táscairí ardleibhéil
<p>Cumasóir 1 Daoine cearta sna háiteanna cearta agus an tacaíocht cheart a bheith acu</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cuspóirí straitéiseacha ar déileáladh go rathúil leo thar téarma na straitéise 	<ul style="list-style-type: none"> Nuashonraigh ár bplean don fhórsa oibre Tabhair spreagadh agus tacaíocht dár ndaoine agus cabhraigh leo forbairt ó thaobh scileanna breise a fháil agus déan cinnte de go gceapann na baill foirne pleananna forbartha pearsanta Forbair straitéisí foinisithe lena chinntiú go mbeidh rochtain réidh ar scileanna agus ar eolas tábhachtach Déan cinneadh faoin obair sin a bheadh sé níos oiriúnaí a fháil ó lasmuigh den eagraíocht Tabhair aitheantas d'fheidhmíocht mhaith agus bainistigh tearcfheidhmíocht Déan iarracht socruithe soghluaisteachta agus socruithe iasachta a chur i bhfeidhm Déan cumarsáid agus sreafaí eolais a choinneáil agus a fheabhsú 	<ul style="list-style-type: none"> Tuairisciú ar bhonn tosaíochta ar ár bpleananna gnó Comhsheasmhacht maidir le spriocanna a leagan síos agus feidhmíocht a bhainistiú Feabhsúcháin ar phróisis gnó srl. bainte amach trí oiliúint
<p>Cumasóir 2 Teicneolaíocht agus próisis</p>	<ul style="list-style-type: none"> Lean ar aghaidh ag úsáid teicneolaíochta agus próiseas chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú i dtaca le húsáid ár n-acmhainní 	<ul style="list-style-type: none"> Forbair ár gcórais TF chun a n-éifeachtacht a chuíchóiriú agus a bharrfheabhsú ar fud na heagraíochta Úsáid sonraí mar eolas do chinnteoireacht bunaithe ar fhianaise agus chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Lean ar aghaidh ag beachtú próiseas gnó chun rialáil a fheabhsú Déan cinnte de gur féidir le baill foirne córais bhainistíochta sonraí a úsáid chun rioscaí a mheas d'fhonn éifeachtacht na rialála a fheabhsú agus chun comhlíonadh a chur chun cinn 	<ul style="list-style-type: none"> Táirgiúlacht feabhsaithe
<p>Cumasóir 3 Dea-rialachas corparáideach agus dea-rialuithe</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cloí go hiomlán leis an gcód cleachtais do chomhlachtaí stáit 	<ul style="list-style-type: none"> Déan cinnte de go bhfuil bainistiú comhtháite riosca, pleanáil straitéiseach, agus córais agus próisis phleanála gnó ann Déan rialuithe inmheánacha a chothabháil a bhíonn ag teacht le dea-chleachtais Déan cinnte de go gcomhlíontar gach ceanglas reachtúil 	<ul style="list-style-type: none"> Iniúchtaí an Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas Tuarascálacha ar iniúcháireacht inmheánach Clár Riosca Rialuithe Airgeadais Cuntais deireadh bliana

TOSAÍOCHTAÍ Ó THAOBH RIOSCA DE

Lena áirithiú go bhfuil a chleachtas rialála éifeachtach agus go bhfuil gníomhaíochtaí dírithe ar na modhanna is tábhachtaí agus is éifeachtaí, glacann an tÚdarás le cur chuige maoirseachta atá bunaithe ar ordlathas tosaíochtaí riosca:

An 1ú tosaíocht:

mídhílsiú sócmhainní nó ranníocaíochtaí pinsin

An 2ú tosaíocht:

easpa rialachais nó drochriarachán agus tionchar aige ar shochair nó mainneachtain sochair dhlite a fóc

An 3ú tosaíocht:

Sócmhainneacht Scéimeanna le Sochar Sainithe

An 4ú tosaíocht:

mainneachtain faisnéis fhorordaithe a sholáthar do bhaill

An 5ú tosaíocht:

teip ag aonáin rialaithe sonraí cruinne agus tráthúla a chur faoi bhráid an Údaráis

Léiríonn an t-ord seo tromchúis na rioscaí agus ní an dóchúlacht go dtarlóidh siad. Is ar bhunús na dtosaíochtaí sin a leagfar amach gníomhaíocht rialála ginearálta an Údaráis, ach cinnteimid nach ndéanfar neamhaird d'aon réimse. Toisc go mbraitheann rialachán ar chumas an Údaráis eolas iontaofa a fháil, beimid ag díriú go háirithe ar theipeanna faisnéis a sholáthar don Údarás atá riachtanach faoi Acht na bPinsean, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le sceithireacht.



© AN TÚDARÁS PINSEAN
RÁITEAS STRAITÉISE 2016 - 2020

www.antudaraspinsean.ie